Galway County
**Public Participation Network**

Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí
Chontae na Gaillimhe









# MEARTHREOIR MAIDIR LE DO LÍONRA ÁITIÚIL

# Ábhar:

Céard é an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus cén fheidhm atá aige? ........................ 3

Cén chaoi a bhaineann PPN Chontae na Gaillimhe le mo réimse spéise? ..................... 7

Cén fáth a nglacfadh mo ghrúpa páirt i PPN Chontae na Gaillimhe? ............................11

Cén chaoi a nglacann baill páirt i PPN Chontae na Gaillimhe? ........................................13

Cén chaoi a bhféadfainn athrú a dhéanamh trí PPN Chontae na Gaillimhe? ................16

Mar a thugann muid faoin obair ..................................................................................17

Ceisteanna Coitianta PPN Chontae na Gaillimhe ..........................................................19

Sonraí teagmhála PPN Chontae na Gaillimhe.....................................................................22



Galway County Public Participation Network. A Quick Guide to your local PPN.

# Tá tuilleadh eolais sa leabhrán seo ar PPN Chontae Na Gaillimhe agus ar an gcaoi a ndéanann muid leas dár mbaill.

## Céard é an PPN agus cén fheidhm atá aige?


Bunaíodh Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) in 2014 mar thoradh ar athchóiriú rialtais áitiúil. Tá PPN i ngach limistéar Údaráis Áitiúil - 31 san iomlán. Tá a PPN féin ag Cathair na Gaillimhe. Bunaíodh na Líonraí chun deis a thabhairt do ghrúpaí a bhíonn páirteach ina bpobail áitiúla a dtuairimí a chur in iúl faoin bpróiseas cinnteoireachta maidir le beartais a bhfuil tionchar acu orthu.

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe

Is éard atá i gceist le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe ná líonra d'eagraíochtaí pobail & deonacha, cuimsithe sóisialta agus comhshaoil, ar líonraí iad atá gníomhach sa Chontae.

Tá ár mbaill cosúil leatsa. Is daoine iad a oibríonn sa phobal agus a chuireann fúthu ann. Tá muid láidir agus éifeachtach a bhuíochas do ról ár mball inár gcuid gníomhaíochtaí.

Tá níos mó ná 1000 ballghrúpa ag an PPN agus áirítear leo Grúpaí, Clubanna, Sochaithe, Cumainn, Eagraíochtaí agus Catharnachtaí pobalbhunaithe.



# Céard iad na haidhmeanna atá ag PPN Chontae na Gaillimhe?

**Tá 3 phríomhaidhm ag PPN Chontae na Gaillimhe:**

- **IONADAÍOCHT:** comhordú a dhéanamh ar an mbealach ina ndéantar an pobal i nGaillimh a ionadú agus a cinntiú go gcuirtear tuairimí an phobail in iúl
- **OIDEACHAS:** ár mbaill a neartú; agus oiliúint a chur ar fáil chomh maith le hacmhainn an phobail a fhorbairt
- **EOLAS:** ár mbaill a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí áitiúla agus eolas a roinnt leis an líonra

**IONADAÍOCHT: Cuireann muid le hionadaíocht an phobail sa chinnteoireacht áitiúil.**

Oibríonn muid leis an bpobal ionas gur féidir lena ionadaithe tofa páirt a ghlacadh go cothrom agus go comhoibríoch i réimse leathan comhlachtaí cinnteoireachta. Ina measc:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Cuideachtaí áitiúla forbartha; agus
- Cuideachtaí áitiúla eile

Cuireann muid ar chumas na ngrúpaí pobail tionchar a imirt ar lucht déanta beartais, cosúil leo sin atá luaite thuas.

Déantar Ionadaithe an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a thogh ón gcomhaltas PPN le bheith ar choistí nó ar bhoird agus tugann na hionadaithe eolas ar ais chuig an bpobal tríd an PPN.

**OIDEACHAS: Neartaíonn muid ár mbaill.**

Cuidíonn muid lenár mbaill a gcumas oibríochtúil a chothú, trí oiliúint, seimineáir agus ceardlanna a chur ar fáil. Tugann muid tacaíocht do ghrúpaí a gcuid tuairimí a chur in iúl, a bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach leis an bpobal agus plé leis an gComhairle Contae agus le comhlachtaí áitiúla eile. Cuireann muid spás ar fáil d'fhorbairt beartais i leith saincheisteanna a bhaineann leis an bpobal trí



Galway County Public Participation Network. **A Quick Guide to your local PPN.**

# Aidhmeanna Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí Contae na Gaillimhe


**EOLAS: Coinníonn muid ár mbaill ar an eolas.**

Cuireann muid ár mbaill ar an eolas agus faigheann muid eolas uathu maidir le himeachtaí, le gníomhaíochtaí agus le scéimeanna maoinithe. Óstáileann muid seimineáir ghréasáin ar dheiseanna áitiúla maoinithe, ag obair go dlúth le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá éiteas spleodrach pobail i gContae na Gaillimhe agus cuireann obair bhaill an PPN le folláine limistéar Chontae na Gaillimhe. Is é an aidhm atá againn eolas a scaipeadh faoi obair agus iarrachtaí maithe na ngrúpaí áitiúla.

**Cé hiad Baill an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí?**

Tá gach ballghrúpa dár gcuid (os cionn 1060) lonnaithe i gceantar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe, nó tá ceanncheathrú acu ann. Cuimsítear leis sin na 5 Cheantar Bhardasacha Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, Conamara, Baile Locha Riach agus Tuaim.



## Cé na grúpaí ar féidir leo ballraíocht a ghlacadh i PPN Chontae na Gaillimhe?

Is féidir le grúpa ar bith ballraíocht a ghlacadh i PPN Chontae na Gaillimhe má chomhlíonann sé na critéir seo a leanas. Ní mór don ghrúpa:

- a bheith gníomhach i gContae na Gaillimhe agus seoladh poist a bheith aige sa Chontae;
- a bheith ar a laghad sé mhí ar an bhfód;
- a bheith neamhpháirtí, neamhpholaitiúil agus neamhsheicteach.
- a bheith faoi threoir deonaithe (is féidir le grúpaí daoine ar phá a bheith acu, ach ní mór dóibh a bheith faoi stiúir deonaithe);
- oibriú ar bhonn neamhbhrabúis.
- ar a laghad trí bhall a bheith acu.
- struchtúr rialachais a bheith acu, ar nós bunreacht nó sraith rialacha.
- buaileadh lena mbaill agus cumarsáid a dhéanamh leo ar bhonn rialta.

## Ní féidir le do ghrúpa ballraíocht a ghlacadh i PPN Chontae na Gaillimhe má tá ionadaíocht aige ar an gComhairle Contae nó ar chomhlachtaí eile cinnteoireachta cheana féin.

Mura bhfuil do ghrúpa incháilithe do bhallraíocht iomlán sa PPN, d'fhéadfá cur isteach ar **bhallraíocht chomhlach**.

Bíonn cuid de na cearta céanna le fáil ag baill chomhlacha agus a bhíonn ag gnáthbhaill. Mar sin féin, ní féidir leo ainmniúcháin a dhéanamh ná vótaí a chaitheamh. Tá an bhallraíocht chomhlach oscailte do ghrúpaí:

1. nach gcomhlíonann na critéir don bhallraíocht iomlán go fóill, ach atá ag obair ina dtreo; nó
2. a bhfuil cearta i dtaobh ionadaíocht ar an gComhairle Contae acu agus/nó ar chomhlachtaí eile cinnteoireachta trí chomhpháirtíochtaí eile sóisialta amhail ceardchumainn agus eagraíochtaí gnó.

**An raibh a fhios agat?**

**Eagraíonn muid imeachtaí eolais agus comhairliúcháin. Mar shampla, téann muid i gcomhairle ghníomhach le baill maidir le pleananna áitiúla ar nós an Phlean Forbartha Contae. Is plean é seo don bhealach inar cheart go bhfásfadh an Contae agus tá sé tábhachtach freisin go dtugann an pobal a dtuairimí chun dul i bhfeidhm ar an todhchaí.**





## Cén chaoi a bhaineann PPN Chontae na Gaillimhe le mo réimse spéise?

Nuair a chláraíonn Baill den PPN (atá saor in aisce agus éasca le déanamh), iarrtar orthu iad féin a rangú i gceann amháin de thrí cholún. Ansin roghnaíonn siad an colún is mó a bhfuil cosúlacht aige le gníomhaíocht a n-eagraíochta:

**Colún 1:** Pobal agus Deonach

**Colún 2:** Cuimsiú Sóisialta

**Colún 3:** An Comhshaol

Ní féidir le balleagraíocht ar bith den PPN baint a bheith aige ach le haon cheann amháin de na trí cholún seo.

### Colún 1: Pobal agus Deonach.

Is é príomhaidhm bhaill an cholúin pobal agus deonach caighdeán beatha agus folláine a bpobail a fheabhsú. Is é an colún pobail agus deonach an colún is mó agus is ilghnéithí de trí cholún an PPN.

Tá oibrithe deonacha riachtanach d'inbhuanaitheacht na mballghrúpaí pobail agus deonacha. Féadfar iad seo a leanas a áireamh i measc na gcineálacha grúpaí sa cholún seo:

- Saoránacht Ghníomhach
- Na hEalaíona
- Sábháilteacht an Phobail
- Dráma
- Seirbhísí Éigeandála
- Féilte
- Fóillíocht
- Cumainn Áitritheoirí
- Spóirt
- Óige

**Colún 2: Cuimsiú Sóisialta.**

Is é príomhaidhm na mball cuimsithe sóisialta caighdeán deiseanna saoil díobh seo a leanas a fheabhsú:

- Daoine imeallaithe sa tsochaí.
- Daoine atá beo bocht; nó
- Daoine atá dífhostaithe.

Oibríonn na baill cuimsithe sóisialta chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt agus a chothú. Tá sé mar aidhm leo pobail a chothú a chuireann luachanna an chomhionannais agus an chuimsithe chun cinn agus a bhfuil meas acu ar chearta an duine.

Díríonn siad ar ghlórtha imeallaithe, lena n-áirítear iad seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Daoine Óga atá Faoi Mhíbhuntáiste
- Mionlaigh Eitneacha
- Daoine Gan Dídean
- Daoine Breacaosta
- Daoine den Lucht Siúil
- Daoine atá Faoi Mhíchumas
- Daoine a bhaineann Mí-Úsáid as Substaintí
- Mná

**Colún 3: An Comhshaol.**

Is é príomhaidhm bhaill an cholúin comhshaoil ná an comhshaol a chosaint nó a choinneáil ag gabháil. Tá líonra náisiúnta comhshaoil ann (Líonra Comhshaoil na hÉireann, IEN). Oibríonn an IEN leis na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh chineál na ngrúpaí a bheidh in ann ballraíocht a ghlacadh i gcolún an chomhshaoil.

Oibríonn baill chomhshaoil ar phobail inbhuanaithe a chothú agus ar thodhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh ina gcuid oibre:

- Gairneoireacht Orgánach a Fhorbairt
- Oideachas faoin gComhshaol
- Scaipeadh Speicis Ionracha a Chosc
- Éifeachtacht Acmhainní
- Fiadhúlra a Chosaint
- Athchursáil
- Pleanáil Inbhuanaithe



Galway County Public Participation Network. A Quick Guide to your local PPN.

**Grúpaí Nascachta.**

Is éard atá i gceist le Grúpa Nascachta ná baicle ballghrúpaí/eagraíochtaí de chuid an PPN a bhfuil spéis acu san obair a bhíonn ar bun ag coiste seachtrach áirithe. Tugann PPN Chontae na Gaillimhe 'Meithleacha' agus 'Fóraim' ar na grúpaí seo freisin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil nasc díreach ag grúpaí nascachta leis an lucht déanta beartais agus leis an lucht cinnteoireachta. Tá sé ghrúpa nascachta ag PPN Chontae na Gaillimhe ar na topaicí seo a leanas:

| Coiste um Beartais Straitéiseacha | Saincheisteanna Tipiciúla Beartais |
|---|---|
| **1. Tithíocht.** | Clár Cóiríochta don Lucht Siúil.<br>Scéim Tosaíochtaí Ligin /Leithdháiltí / Inrochtaineacht / Tosaíocht.<br>Clár Tógála Tithe.<br>Straitéis do Dhaoine gan Dídean.<br>Straitéis Tithíochta. |
| **2. Forbairt Geilleagair agus Fiontar** | Forbairt Gheilleagrach.<br>Tacaíocht Fiontraíochta.<br>Eilimintí geilleagracha an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.<br>Athbheochan Bailte.<br>Straitéis Turasóireachta. |
| **3. Seirbhísí Pleanála, Comhshaoil, Talmhaíochta + Éigeandála.** | Pleananna Forbartha.<br>Pleananna Ceantair Áitiúil.<br>Rialú Forbartha.<br>Bainistiú Dramhaíola.<br>Plean Bainistithe Bruascair.<br>Ionaid Adhlactha.<br>Pleanáil i gcás Dóiteáin nó Éigeandála. |
| **4. Iompar agus Bonneagar.** | Beartas Iompair<br>Bainistiú Dramhaíola<br>Sábháilteacht ar Bhóithre<br>Bainistiú Tráchta<br>Beartas Soilsithe Phoiblí<br>Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil<br>Plean Bainistithe Cáilíochta Uisce<br>Seirbhísí Uisce Tuaithe |

Galway County Public Participation Network. A Quick Guide to your local PPN.

| Strategic Policy Committee | Typical Policy Issues |
|---|---|
| 5. Forbairt Pobail agus Cultúir. | Beartais um Fhorbairt Leabharlainne<br>Beartas Cultúir agus Príomhchathair Chultúir na hEorpa<br>Leagáid<br>Plean na nEalaíon<br>An Scéim Teanga<br>Eiliminti Pobail an LECP<br>Scéimeanna Deontas Pobail |
| 6. An tAthrú Aeráide agus an Bhithéagsúlacht. | Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide<br>Fuinneamh agus Foirgnimh<br>Seasmhacht Tuilte<br>Réitigh Dúlra-Bhunaithe<br>Feasacht agus Oideachas Poiblí<br>Creimeadh Cósta |

Coistí eile ar a bhfuil ionadaíocht ó PPN Chontae na Gaillimhe:

- **Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil**
- **Comhchoiste Póilíneachta**
- **Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe**
- **Forbairt Tuaithe na Gaillimhe**
- **Coiste Seanóirí na Gaillimhe**
- **Coiste Cúraim Leanaí**
- **Éire Shláintiúil**
- **Tascfhórsa Réigiún an Iarthair um Dhrugaí agus Alcól**
- **Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta um Iascaigh**

## Cén fáth a nglacfadh mo ghrúpa páirt i PPN Chontae na Gaillimhe?

### Líonrú:

Nuair is ball de PPN Chontae na Gaillimhe tú, is féidir leat:

- dul i dteagmháil le grúpaí den chineál céanna ar fud an chontae.
- a bheith ag comhoibriú ar thionscadail.
- scileanna agus saineolas a mhalartú.
- foghlaim óna chéile.
- bhur dtaithí a roinnt lena chéile.

### Eolas:

Coinnítear ar an eolas muid maidir le tacaíochtaí pobail, lena n-áirítear maoiniú náisiúnta, agus feidhmíonn muid mar mhol eolais dár mbaill. Déanann muid an méid seo a leanas:

- Foilsíonn muid nuachtlitir mhíosúil agus achoimre sheachtainiúil.
- Tá suíomh gréasáin againn le rannáin faoin nuacht, acmhainní, maoiniú agus imeachtaí.
- Tá cainéil ghníomhacha meán sóisialta againn.

### Ionadaíocht:

Tá níos mó ná 30 ionadaí againn ar choistí éagsúla na Comhairle Contae agus ar choistí eile, agus tá an uimhir seo ag ardú i gcónaí. Tá ionadaithe againn freisin ar bhoird, coistí agus eagraíochtaí maoinithe eile na gníomhaireachta áitiúla. Tugann an méid seo súile, cluasa agus glór do bhaill sa chinnteoireacht áitiúil.

### Oiliúint:

Eagraíonn muid oiliúint, ceardlanna agus oícheanta eolais saor in aisce ar shaincheisteanna roghnaithe ag ár mbaill. Reachtaítear na himeachtaí seo ó cheann ceann na bliana agus fáiltítear roimh mholtaí ó bhaill i dtaobh smaointe maidir leis an oiliúint de réir a riachtanas. Reáchtáladh oiliúint roimhe ar thopaicí amhail:

- Éascú coistí agus grúpaí
- Plean Forbartha Contae
- Na Meáin Shóisialta agus Dhigiteacha
- Stocaireacht
- Cumarsáid
- Rialachas
- Leabharchoimeád
- Tiomsú Airgid

**Maoiniú:**

Coinníonn muid ár mbaill cothrom le dáta i dtaca leis na tacaíochtaí maoinithe is déanaí atá ar fáil do d'eagraíocht. Reáchtálann muid seimineáir ghréasáin freisin maidir le maoiniú i gcomhpháirt le riarthóirí deontais i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá cómhaoiniú á dhéanamh ar PPN Chontae na Gaillimhe ag an Roinn Tuaithe agus Forbartha agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.

**Poiblíocht:**

Tá eolaire ar ár suíomh gréasáin de na baill ar fad atá againn agus tá an t-eolaire sin ar fáil don phobal. Is féidir le baill a gcuid imeachtaí a fhógairt ar ár suíomh saor in aisce agus a gcuid nuachta a chur lenár nuachtlitir mhíosúil chomh maith. Ó am go chéile, tarraingíonn muid aird ar obair ár mball agus foilsíonn muid beathaisnéis de bhallghrúpa amháin dár gcuid ar ár suíomh agus inár nuachtlitir.

**Comhairliúchán:**

Mar bhall, féadfaidh tú páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin agus d'fhéadfaí go rachfaí i gcomhairle leat maidir le saincheisteanna, straitéisí agus cláir atá ábhartha duit agus do do ghrúpa. Áirítear iad seo a leanas leis na comhairliúcháin agus na haighneachtaí a reáchtáil muid roimhe:

- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
- An Plean Forbartha Contae
- Aighneacht chuig Comhchoiste an Oireachtais ar Chearta na nDaoine faoi Mhíchumas
- Scéimeanna um Athghiniúint Áitiúil
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais
- Agus comhairliúcháin eile a fhógraítear ó am go chéile



Galway County Public Participation Network. A Quick Guide to your local PPN.

## Cén chaoi a nglacann baill páirt i PPN Chontae na Gaillimhe?

**Tá Struchtúr an PPN comhdhéanta den mhéid seo a leanas:**

- Rúnaíocht an PPN
- Ionadaithe an PPN
- Grúpaí Nascachta an PPN
- Comhlacht Iomlánach/ Baill an PPN
- Oibrithe an PPN

**Déanann ár Rúnaíocht maoirseacht ar PPN Chontae na Gaillimhe:**

Is í an Rúnaíocht grúpa stiúrtha an PPN agus tá 11 ball inti. Toghann baill an PPN iad óna gcuid réigiúin áitiúla (Ceantair Bhardasacha) nó ó ghrúpa colúin (coláistí toghcháin). Is iad seo a leanas na hionadaithe atá sa Rúnaíocht:

- 1 Ionadaí ó Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe
- 1 Ionadaí ó Cheantar Bardasach Chonamara
- 1 Ionadaí ó Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach
- 1 Ionadaí ó Cheantar Bardasach Órán Mór/Bhaile Átha an Rí
- 1 Ionadaí ó Cheantar Bardasach Thuama
- 2 Ionadaí ó Choláiste Toghcháin na nGrúpaí Pobail agus Deonacha
- 2 Ionadaí ó Choláiste Toghcháin an Chuimsithe Shóisialta
- 2 Ionadaí ó Choláiste Toghcháin an Chomhshaoil

Tagann an Rúnaíocht le chéile gach 6 seachtaine agus tá sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil ó lá go lá an PPN. Bainistíonn siad an fhoireann, an buiséad agus oibríochtaí agus tuairiscíonn siad ar ais chuig an gcruinniú iomlánach. Cuireann baill na Rúnaíochta tréimhse 5 bliana isteach agus déanann ballghrúpa iad a ainmniú. Déanann muid ár ndícheall 'struchtúr cothrom' a oibriú agus tá cathaoirleach/éascaitheoir uainíochta againn.

## Ionadaithe an PPN:

Is baill den PPN iad Ionadaithe an PPN atá tofa ag Grúpa Nascachta chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann PPN ar choiste, ar bhord nó ar ghrúpa comhairleach.

Is féidir le hionadaithe PPN tairiscintí agus míreanna don chlár oibre a chur isteach, aird a tharraingt ar shaincheisteanna agus ceisteanna a ardú thar ceann an Ghrúpa Nascachta ag cruinnithe níos leithne. Tuairiscíonn Ionadaí an PPN don Ghrúpa Nascachta a thogh iad, agus tuairiscíonn siad ón ngrúpa céanna.

Tá an méid seo a leanas i gceist le ról an ionadaí:

- Éist
- Pléigh
- Ionadaíocht a dhéanamh, agus
- Aiseolas a thabhairt

## Tacaíonn ár nGrúpaí Nascachta lenár nIonadaithe PPN.

Is foghrúpaí den PPN iad na Grúpaí Nascachta. Is féidir le baill den PPN páirt a ghlacadh in aon Ghrúpa Nascachta dár gcuid. Oibríonn gach Grúpa Nascachta leis an Ionadaí PPN a thogh siad chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna pobail agus chun beartas ábhartha a mhúnlú. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Grúpaí Nascachta, féach ár mbileog eolais dar teideal 'GRÚPAÍ NASCACHTA - mínithe', atá ar fáil anseo.

## Reáchtálann muid Cruinnithe Iomlánacha atá oscailte dár mbaill uilig.

Tugtar Comhlacht Iomlánach ar thionól ár mball. Reáchtálann muid Cruinnithe Iomlánacha ar leibhéal an Chontae uair sa mbliain. Tá na cruinnithe oscailte dár mbaill uilig. Ag ár gcruinnithe Iomlánacha, déanann ár mbaill Plean Oibre na bliana a fhormheas go foirmiúil, na hionadaithe nua-thofa a cheapadh go foirmiúil agus aon chinneadh a rinne an Rúnaíocht a dhaingniú.

Tá vóta amháin ag gach balleagraíocht de chuid an PPN ag an gCruinniú Iomlánach. Ag na Cruinnithe Iomlánacha, féadfaidh baill an PPN saincheisteanna áitiúla a ardú ar leibhéal an chontae chun plé a dhéanamh ina leith.








## Oibrithe an PPN.

Tacaíonn Oibrithe an PPN go mór le PPN Chontae na Gaillimhe. Déanann siad an líonra a chomhordú agus a fhorbairt faoi stiúir na Rúnaíochta. I dteannta an Chruinnithe Iomlánaigh, comhlíonann na hoibrithe dualgais agus tascanna thar ceann an PPN, ag leanúint Phlean Oibre an PPN a comhaontaíodh.

Tá na hOibrithe fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, a ghníomhaíonn ina hósteagraíocht i.e., cuireann siad an struchtúr agus an spás oifige trína bhfeidhmíonn an PPN ar fáil. Mar sin féin, tá an PPN neamhspleách ar an Údarás Áitiúil i bhfeidhmiú a róil agus ní féidir leis an gComhairle Contae tionchar a imirt ná dul i gcion ar fheidhmiú an PPN. Oibríonn muid i gcomhar leis an gComhairle Contae i riar na gclár éagsúil de chuid na Comhairle chun tairbhe ár mball.



Galway County Public Participation Network. **A Quick Guide to your local PPN.**

| Cén chaoi a bhféadfainn athrú a dhéanamh trí PPN Chontae na Gaillimhe? | |
|---|---|
| An bhfuil smaoineamh agat chun Contae na Gaillimhe a fheabhsú nó an bhfuil saincheist phobail agat ar mhaith leat aird a tharraingt uirthi? |  |
| Bí i do bhall de na Grúpaí Nascachta a bhfuil spéis agat iontu. |  |
| Freastal ar chruinnithe do Ghrúpa Nascachta agus pléigh smaointe, saincheisteanna agus tuairimí. |  |
| Togh ionadaithe ó do Ghrúpa Nascachta (d'fhéadfaí gur tusa a bheidh ann). |  |
| Tá nasc foirmiúil anois ag ionadaithe tofa PPN Chontae na Gaillimhe leis an gComhairle agus le comhlachtaí eile cinnteoireachta. Is féidir leo tairiscintí a ardú agus ceisteanna a chur thar ceann a nGrúpa Nascachta. |  |
| Déanfaidh do chuid smaointe eolas do bheartas áitiúil agus beidh tionchar acu ar chinntí. |  |
| Líonann na hionadaithe tuarascálacha PPN amach tar éis gach cruinnithe a raibh siad i láthair aige. Tugann siad aiseolas duit ag an gcéad chruinniú eile de |  |

## Tá tú uainn!

**Bíonn muid i mbarr ár maitheasa nuair a dhéanann ár mbaill, tú féin san áireamh, na rudaí seo a leanas:**

- Freastal ar chruinnithe
- Ceisteanna a ardú, agus
- Aiseolas a thabhairt

Ní féidir lenár nGrúpaí Nascachta feidhmiú mura mbíonn saincheisteanna pobail againn le plé ná réitigh againn roinnt leis an lucht cinnteoireachta. Teastaíonn an saineolas áitiúil atá agat ó Ionadaithe ár PPN chun ionadaíocht chruinn a dhéanamh ar d'ábhair imní.

Féadfaidh tú do chuid ceisteanna a chur isteach ar ár suíomh gréasáin nó gabháil i dteagmháil leis na hionadaithe.  Féadfaidh tú do chuid nuachta a chur isteach ar ár suíomh gréasáin chomh maith: **https://www.galwaycountyppn.ie/news/submit-news/**

Cuideoidh do bhallraíocht ghníomhach sa PPN le ceantar Chontae na Gaillimhe a dhéanamh láidir agus ionadaíoch!

# Glac páirt i PPN Chontae na Gaillimhe inniu.

## Prionsabail agus Luachanna PPN Chontae na Gaillimhe:

Tá éiteas an PPN ríthábhachtach don bhealach ina bhfeidhmíonn sé. Agus ár gcuid oibre ar bun againn, treoraíonn sraith **sé** phrionsabal muid, lena gcinntítear go bhfuil muid:

- **Ionchuimsitheacht** sa chaoi go bhfuil gach grúpa sa cheantar atá faoi stiúir deonaithe san áireamh, agus go ndéantar iarracht gníomhach grúpaí nach mbeidís san áireamh ar aon bhealach eile nó nach bhfaigheann deis labhartha go minic a tharraingt isteach.
- **Rannpháirtíocht**, oscailte, fháilteach, mheasúil, sásta obair as lámha a chéile agus tacúil dá chéile. Spreagann muid rannpháirtíocht na mBallghrúpaí i ngach cuid dár gcuid oibre agus fáiltíonn muid roimh aiseolas. Déanann muid ár ndícheall cumarsáid shoiléir a dhéanamh lenár mBallghrúpaí trí úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna cumarsáide. Tugann muid tacaíocht do Bhallghrúpaí nua, agus do Bhallghrupaí nach mbeadh mórán taithí acu.
- **Neamhspleách** ar an Údarás Áitiúil agus ar aon ghrúpa sainleasa (ní mór don PPN cuntas a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le caiteachas an bhuiséid ach tá muid neamhspleách ó thaobh ár gcuid oibre de).
- **Meas a Léiriú ar Éagsúlacht** agus ag tabhairt dár n-aire gurb ann do dhaoine agus do Bhallghrúpaí sna Coláistí le réimse leathan dearcthaí, taithí agus tuairimí éagsúla. Déanann muid réimse dearcthaí a ionadú agus tugann muid na dearcthaí seo ar ais chuig cinnteoireacht an rialtais áitiúil.
- **Trédhearcach** faoi gach rud a ndéanann muid. Déanann muid ár ndícheall cumarsáid oscailte, rialta agus shoiléir a dhéanamh lenár mBallghrúpaí.
- **Freagrach** dár mBallghrúpaí trí bheartais agus nósanna imeachta maithe rialachais a dhéanamh.



Galway County Public Participation Network. A Quick Guide to your local PPN.

# Ceisteanna Coitianta:

## Conas a dhéantar PPN Chontae na Gaillimhe a mhaoiniú?

Tá PPN Chontae na Gaillimhe maoinithe go príomha ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus faigheann sé cómhaoiniú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## Cá bhfuil oifig PPN Chontae na Gaillimhe lonnaithe?

Tá ár bpríomh-oifig lonnaithe san Aonad Forbartha Geilleagair, Tuaithe agus Pobail i gComhairle Chontae na Gaillimhe, i mBloc Oifigí Centrepoint in Eastát Tionscail an Leasa Bháin, Bóthar Thuama.

- **Suíomh na hoifige:** Comhairle Chontae na Gaillimhe, Centrepoint, Eastát Tionscail an Leasa Bháin, Bóthar Thuama, Gaillimh, H91 PY8H
- **Seoladh poist:** Aonad PPN, Aonad Forbartha Geilleagair, Tuaithe agus Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX

## An féidir leis an PPN mo ghrúpa a mhaoiniú?

Ní dhéanann an PPN cistí a riar é féin. Is é an ról atá aige na grúpaí a chur ar an eolas faoin maoiniú atá ar fáil agus tacú le Comhairle Chontae na Gaillimhe imeachtaí eolais a reáchtáil maidir le deontais agus scéimeanna atá ar fáil.

Mar sin féin, féadfaidh tú clár oiliúna a mholadh a shíleann tú a rachadh chun sochair do do ghrúpa pobail féin agus do ghrúpaí pobail eile agus d'fhéadfadh an PPN an oiliúint sin a mhaoiniú. Is féidir leis an PPN freisin, le cead na Rúnaíochta, tionscadail bheaga a mhaoiniú trína nGrúpaí Nascachta, i.e., Fóram Ilchultúrtha na Gaillimhe, Fóram na Gaillimhe um Míchumas, srl. Tá an PPN i gcónaí oscailte agus toilteanach comhoibriú le grúpaí pobail agus féadfaidh sé tacú leo trí imeacht a chómhaoiniú nó rannchuidiú ar bhealach éigin eile.

## An bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil ó mo ghrúpa agus conas a gheobhaidh mé ceann?

Is féidir cur isteach ar Dheimhniú Imréitigh Cánach trí www.revenue.ie

## Cén t-árachas ar cheart a bheith ag mo ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh árachas ag gach grúpa ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, chun a chuid ball a chosaint sna gníomhaíochtaí a dtugann siad fúthu leis an ngrúpa. Ar an dara dul síos, cuireann an chuid is mó d'eagraíochtaí maoinithe de cheangal ar an ngrúpa árachas dliteanais phoiblí a bheith acu agus slánaíonn siad an eagraíocht sin ar gach éileamh a dhéantar ina coinne.

**Cén leibhéal eolais atá ag teastáil uaim chun freastal ar chruinnithe nó chun bheith i m'ionadaí?**

Tá lánchead agat i gcónaí teacht agus tuilleadh a fhoghlaim faoi ábhar a bhfuil spéis agat ann agus aon tuairim atá agat ar an ábhar sin a roinnt. Ní gá go mbeifeá i do shaineolaí ar ábhar ar bith chun ionadaíocht a dhéanamh ar do phobal. **Ní mór d'Údaráis Áitiúla a bheith cuntasach don phobal agus ní a mhalairt.**

**Is ball de PPN Chontae na Gaillimhe mé ach níor fhreastail mé riamh ar chruinniú; an bhfuil sé ródhéanach páirt a ghlacadh?**

***Níl.*** Ní bhíonn sé riamh rómhall páirt a ghlacadh. Tar chuig cruinniú, ceardlann nó seisiún comhairliúcháin ar bith dár gcuid. Féach ár bhféilire imeachtaí ar ár suíomh gréasáin: **www.GalwayCountyppn.ie**

**Tá fadhb agam ar mian liom a ardú trí PPN Chontae na Gaillimhe, cén chaoi a ndéanfaidh mé sin?**

Molann muid duit teacht chuig cruinniú de chuid an Ghrúpa Nascachta is ábhartha agus beidh muid ábalta comhairle a chur ort i dtaca leis an bhfadhb sin. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh freisin nó bualadh isteach chuig oifig PPN Chontae na Gaillimhe nó 'fadhb a thabhairt ar aird' trínár suíomh anseo: **https://www.galwaycountyppn.ie/submit-issues/**

**Ní fhaighim comhfhreagras ó PPN Chontae na Gaillimhe, cad ba cheart dom a dhéanamh?**

Mura bhfuil tú i do bhall fós, is féidir leat clárú go tapa, go héasca agus saor in aisce trínár suíomh gréasáin anseo: **https://www.galwaycountyppn.ie/registration-form/** Teastaíonn sonraí teagmhála ó 2 duine ó gach grúpa ionas go gcoinneofar ar an eolas tú faoina bhfuil ag dul ar aghaidh sa PPN. Mura bhfuil tú ag fáil comhfhreagrais uainn, smaoinigh ar na hainmneacha ar ár liosta seoltaí a athrú chun coinneáil cothrom le dáta maidir le himeachtaí agus le deiseanna maoinithe.

Má tá do ghrúpa ina bhall cheana féin agus más mian leat go gcuirfí inár mbunachar sonraí tú mar theagmhálaí nó más mian leat sonraí a athrú, seol ríomhphost chuig: **administrator@galwaycountyppn.ie**



Galway County Public Participation Network. **A Quick Guide to your local PPN.**

**An féidir le níos mó ná ball amháin de mo ghrúpa páirt a ghlacadh i nGníomhaíochtaí PPN Chontae na Gaillimhe?**

***Is féidir.*** Is féidir le haon duine atá ina bhall d'eagraíocht atá cláraithe leis an PPN teacht chuig aon cheann dár gcruinnithe, dár gceardlanna, nó dár seisiúin chomhairliúcháin.

**Níl struchtúr foirmiúil ag ár ngrúpa fós, an féidir linn ballraíocht a ghlacadh sa PPN?**

***Is féidir,*** fad is go bhfuil do ghrúpa á rialú ag sraith rialacha, is féidir leat ballraíocht a ghlacadh. Tá Bunreacht samplach le haghaidh do ghrúpa ar fáil i lámhleabhar an PPN. Féadfaidh an sampla sin a bheith ina theimpléad lena úsáid agat. Eagraíonn muid oiliúint le haghaidh do ghrúpa freisin chun cuidiú libh tús a chur leis an obair.

**An bhfuil nós imeachta oifigiúil gearán ann?**

***Tá,*** tá PPN Chontae na Gaillimhe ag obair ar nós imeachta gearán a chur i bhfeidhm. Is féidir leat ár bhFoirm Gearán a íoslódáil trínár suíomh gréasáin anseo: **https://www.galwaycountyppn.ie/about/complaints-procedure/**

**An bhfuil PPN Chontae na Gaillimhe á rialú ag aon pholasaithe eile?**

Déantar obair an PPN a stiúradh le plean comhaontaithe oibre agus tá na caidrimh idir an PPN agus an GCC rialaithe ag Comhaontú Leibhéal Seirbhíse a ghlactar gach bliain. Tá na doiciméid seo ar fáil faoi rannóg na n-acmhainní ar shuíomh gréasáin PPN Chontae na Gaillimhe.




**Seoladh:** Suíomh na hoifige:  Comhairle Chontae na Gaillimhe, Centrepoint, Eastát Tionscail an Leasa Bháin, Bóthar Thuama, Gaillimh, H91 PY8H

**Seoladh poist:** Aonad PPN, Aonad Forbartha Geilleagair, Tuaithe agus Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX

**Ríomhphost:** administrator@galwaycountyppn.ie

**Guthán:** 091 509 130

**Suíomh:** www.galwaycountyppn.ie

**Facebook:** GalwayCountyPPN

**Twitter:** GalwayCoPPN


Galway County
Public Participation Network

Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí Chontae na Gaillimhe

Galway County
Public Participation Network

Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí
Chontae na Gaillimhe

**Office location:** Galway County Council, Centrepoint,
Liosban Business Park, Liosban, Tuam Road, Galway, H91 PY8H

**Postal address:** PPN Unit, Economic,
Rural and Community Development Unit,
Galway County Council, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX

**Email:** administrator@galwaycountyppn.ie

Phone: 091 509 130

**Website:** www.galwaycountyppn.ie

**Facebook:** GalwayCountyPPN

**Twitter:** GalwayCoPPN